

Foilsiú pléadálacha agus barúlacha i scríbhinn arna dtaisceadh i gcásanna réamhrialaithe

Foilseofar pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn arna dtaisceadh i gcásanna réamhrialaithe ag na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, de bhun an chúigiú mír den fhoráil sin, ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh laistigh de thréimhse réasúnta tar éis clabhsúr a chur ar an gcás a dhúnadh, mura ndéanfaidh údar na mbarúlacha sin agóid ina choinne.

Foráiltear le hAirteagal 96(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais nach mór an agóid sin a chur in iúl don Chlárlann, trí dhoiciméad ar leith, trí mhí ar a dhéanaí tar éis an breithiúnas a thabhairt nó an t-ordú lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí a sheirbheáil.

Maidir leis na pléadálacha nó na barúlacha i scríbhinn arna dtaisceadh i gcásanna réamhrialaithe ar cuireadh clabhsúr orthu tar éis an 1 Meán Fómhair 2024 – dáta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2024/2019 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 11 Aibreán 2024, lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh (IO L 2024/2019, 19 Lúnasa 2024) – foilsítear iad ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi réir agóid ina choinne sin ón údar. Is iad na doiciméid a fhoilsítear ar an suíomh gréasáin an bunleagan de na pléadálacha nó de na barúlacha arna dtaisceadh chomh maith leis na haistriúcháin atá ar fáil ar pléadálacha nó ar na barúlach sin, le haon sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith iontu bainte amach. Chun na leaganacha sin a chur ar fáil, cuirtear na bundoiciméid faoi phróiseáil theicniúil, agus mar sin féadfar a bhformáidiú a mhodhnú beagán.